**Dearbhú i nDáil Leis an gCéad Soláthar de Choincréit atá Réidh le Doirteadh a Úsáideadh i Monarú Táirgí Coincréite Réamhtheilgthe Faoi Alt 531AAJA den ACC, 1997.**

Féadfaidh daoine sonraithe (monaróir táirgí coincréite réamhtheilgthe) an dearbhú seo a chomhlánú agus iad ag fáil concréit atá réidh le doirteadh a úsáidfear nó an oiread sin den soláthar sin a úsáidtear chun táirgí coincréite réamhtheilgthe a mhonarú.

I gcás ina ndéanfaidh duine sonraithe dearbhú do dhuine inmhuirir maidir leis an gcéad soláthar coincréite atá réidh le doirteadh a úsáideadh i monarú táirgí coincréite réamhtheilgthe faoi alt 531AAJA den ACC, 1997, ní bheidh an tobhach ar tháirgí lochtacha coincréite inmhuirir ar an gcéad soláthar de choincréit atá réidh le doirteadh, nó ar an méid sin den chéad soláthar a úsáidtear, chun táirgí coincréite réamhtheilgthe a mhonarú, i ndáil lena ndéantar an dearbhú seo.

## 1. Sonraí an Mhonaróra Táirge Coincréite Réamhtheilgthe (Duine Sonraithe)

Ainm Iomlán

Seoladh

Eircode

Uimhir Thagartha Cánach

Uimhir Fóin

## 2. Sonraí an Mhonaróra Coincréite atá Réidh le Doirteadh (Duine Inmhuirir)

Ainm Iomlán

Seoladh

Eircode

Uimhir Thagartha Cánach

Uimhir Fóin

## 3. Sonraí na coinsíneachta de choincréit atá réidh le doirteadh i ndáil lena ndéantar an dearbhú seo

| | |
|---|---|
| Seoladh Seachadta | |
| Eircode an tSeolta Sheachadta | ☐☐☐ ☐☐☐☐ |
| Dáta an tSoláthair | L L M M B B B B |
| Líon na Coincréite atá Réidh le Doirteadh | ______ Méadair Chiúbacha |
| Luach Margadh Oscailte na coincréite atá réidh le doirteadh i ndáil lena ndéantar an dearbhú seo. | € |

## Dearbhú

Dearbhaím, a bhfuil m'ainm thíos-sínithe, an méid seo:

(a) gur duine sonraithe mé chun críocha an TTLC,
(b) go n-úsáidfear an chéad soláthar nó cibé méid den chéad soláthar sin den choincréit atá réidh le doirteadh a shonraítear san fhoirm seo chun táirgí coincréite réamhtheilgthe a mhonarú,
(c) go gcomhlíonaim na coinníollacha mar atá leagtha amach i gCuid 18E den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, agus
(d) go bhfuil na sonraí uile atá tugtha ar an bhfoirm seo i gceart agus comhlánaithe.

Glacaim, má iarrann na Coimisinéirí Ioncaim orm é seo a dhéanamh, cibé fianaise dhoiciméadach is gá a thabhairt ar aird chun a fhíorú chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur úsáideadh an coincréit atá réidh le doirteadh a ndearnadh dearbhú ina leith i monarú táirgí coincréite réamhtheilgthe.

| | |
|---|---|
| Síniú | |
| Dáta | L L M M B B B B |

**Ní mór dearbhú a chur ar fáil do gach ceann agus do gach soláthar de choincréit atá réidh le doirteadh a úsáidtear chun táirge/táirgí coincréite réamhtheilgthe a mhonarú.** Tar éis dearbhú a fháil, ní ghearrfaidh an soláthraí coincréite atá réidh le doirteadh an TTLC ar an gcéad soláthar sin.

## Nótaí

Is éard is 'táirge coincréite réamhtheilgthe' ann ná táirge -

(a) ina bhfuil coincréit ann,

(b) a mhonaraítear é i saoráid atá feistithe go speisialta trí phróiseas
   - (i) an coincréit a theilgean i múnla nó i bhfoirm in-athúsáidte, agus
   - (ii) an choincréit a fhliucadh i dtimpeallacht rialaithe,

(c) a iompraítear é, tar éis an mhonaraithe, ón tsaoráid go dtí -
   - (i) áitreabh nó áit ina gcuirfear nó ar a gcuirfear an táirge
   - (ii) ar fáil le haghaidh mórdhíola nó miondíola,
   - (iii) láithreán tógála, nó
   - (iv) an ceann scríbe úsáide deiridh,

agus

(d) a mhonaraítear mar chuid de thrádáil arb éard atá ann ná táirgí den sórt sin lena soláthar do chustaiméirí a mhonarú i gcás ina bhfuil an trádáil sin ar bun go hiondúil i saoráid ina dtarlaíonn an próiseas monaraíochta;

Tá coincréit atá réidh le doirteadh a úsáidtear chun críocha eile seachas le haghaidh monarú táirgí coincréite réamhtheilgthe fós faoi dhliteanas an tobhaigh ar tháirgí lochtacha coincréite.

Ní mór don duine sonraithe (monaróir táirgí coincréite réamhtheilgthe) cóip den fhoirm seo a choinneáil agus ní mór don duine inmhuirir (monaróir coincréite atá réidh le doirteadh) an dearbhú bunaidh seo a choinneáil ar feadh sé bliana ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta inar seachadadh an dearbhú.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.